

# Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



**gretb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
na Gaillimhe agus Ros Comáin  
Galway and Roscommon  
Education and Training Board

Fón: 091-593119  
ccc@gretb.ie  
www.colaistecholmcille.ie



A chara,

**Ar dtús, ba mhaith liom tréaslú le agus aitheantas a thabhairt do na scoláirí théis a bhfuil fulaingte acu an scoilbhliain seo. Chloí said le gach haon iarratas, rial agus éilimh a déanadh orthu ó thaobh Covid19 de. Tá ard-mholadh tuillte acu.**

Roinnt eolais thíos maidir le himeachtaí dheireadh an bliana agus maidir le socrúithe scrúduithe.

- **Críochnóidh an scoil do gach bhliainghrúpa ar an 28<sup>ú</sup> Bealtaine 2021**
- De bharr srianta agus cúrsaí Covid19, ní bheidh an gnáth cheiliúradh Ardteiste againn i mbliana. Go hiondúil thabharfaí cuireadh do thuismitheoirí isteach ar scoil chun ranganna na hArdteiste a cheiliúradh ach ní feidir é sin a dhéanamh i mbliana. Tá sé i gceist ócáid theoranta a bheith againn sa scoil do na scoláirí amháin chun tréaslú leo agus chun ár mbeannachtaí agus cuimhní a roinnt leo.
- **Iarrtar ar thuismitheoirí agus ar scoláirí nach mbeadh aon mór-cheiliúradh ag tárlú idir na scoláirí, nach mbeidís ag meascadh eatarthu féin nó le scoláirí eile, go háirithe roimh scrúduithe na hArdteiste.**

*“Tá sé an-tábhachtach gan gníomh ar leith a dhéanamh a d’fhéadfadh scoláirí an séú bliain a chur i mbaol COVID-19 a tholgadh, sna laethanta deireanacha roimh thús na scrúduithe Ardteistiméireachta ach go háirithe. Ba chóir do scoileanna moladh láidir a thabhairt do scoláirí a bheith freagrach as a n-iompar féin agus gan freastal ar aon ócáidí sóisialta mar ‘réabh’ nó ócáidí eile a thugann slua mór daoine le chéile nó ócáidí níos lú i dtithe agus a chuireann go mór leis an riosca de COVID-19 a scaipeadh.*

*Déanfar gráid mheasta a sholáthar d’aon iarrthóir atá i dteideal iad a fháil, nuair nach bhfuil sé de chumas aige/aici freastal ar aon cheann dá scrúduithe de bharr cúinsí a bhaineann le COVID-19 mar a soiléiríodh thuas; de bharr éigeandáil leighis, tréimhse san ospidéal san áireamh; nó de bharr*

*méala. Ní dhéanfar aon scrúdú malartach de na scrúduithe Ardteistiméireachta 2021 a réachtáil ar aon chúinse, méala san áireamh. Cuirtear an beartas teagmhasachta seo i bhfeidhm sa chás nach mbíonn an t-iarrthóir in ann freastal ar scrúdú agus i gcás nuair nach féidir scrúduithe a sholáthar de thoradh ar chur isteach suntasach mar dhúnadh scoile nó dianghlasáil áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta”.*

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

- Tá clár imeachtaí shóisialta & spóirt leagtha amach do na scoláirí, ar bhun ranganna, do dheireadh na bliana. Tar éis an bhliain atá déanta acu, sé tábhachtach go mbeadh na scoláirí ar scoil chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin.

Féach Treoir ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le scrúduithe na hArdteiste [anseo](#).

Féach eolas ar chruinniú poiblí eagraithe ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** maidir le **Cúrsa Nua Gaeilge T1/T2 don Ardteist** [anseo](#).